

## Aonad 10 – Ceacht 5



# Ceartha Tomhaltóirí Comparáid – Leathanach an Mhúinteora

### Sorcha

**Cheannaigh Sorcha gúna i siopa. Chuir sí uirthi é agus bhí sí sásta é a cheannach. Nuair a chuaigh sí abhaile, thug sí faoi deara nár oir an cruth di agus anois tá sí ag iarraidh an gúna a thógáil ar ais. Cad iad na cearta atá ag Sorcha?**

D'athraigh Sorcha a hintinn nuair a chuaigh sí abhaile. Níl aon chearta aici faoi dhlíthe tomhaltais.

Bheadh siopaí áirithe sásta malartú nó aisíocaíocht a thabhairt di, más taobh istigh d'achar ama réasúnta a thógtar ar ais an gúna. Ach is comhartha dea-thola a bheadh anseo ón siopa, a bheadh mar pholasaí inmheánach acu. Seans go dtabharfadh siopaí eile nóta creidmheasa in áit an t-airgead a thabhairt ar ais. Ach arís, is comhartha dea-thola a bheadh ann.

Dá mbeadh an siopa sásta an gúna a thógáil ar ais, bheadh ar Shorcha an gúna a choimeád glan agus slán – agus an phacáistíocht go léir a bheith leis.

D'fhéadfadh Sorcha filleadh ar an siopa le fiosrú cén polasaí atá acu faoi earraí a thógáil ar ais.

### Máire

**Ceannaigh Máire gúna ar shuíomh gréasáin ó chomhlacht atá lonnaithe san Aontas Eorpach. Roghnaigh sí toise bunaithe ar an treoir a tugadh agus bhí sí sásta lena rogha. Tháinig an gúna agus bhí sé róbheag di agus anois tá sí ag iarraidh an gúna a sheoladh ar ais. Cad iad na cearta atá ag Máire?**

Toisc gur cheannaigh Máire an gúna ó chomhlacht taobh istigh den Aontas Eorpach, tá 14 lá aici ón am go bhfuair sí é chun é a sheoladh ar ais, faoi rialacha an Aontais Eorpaigh. Tugtar an 'tréimhse shuaimhnithe' ar an tréimhse seo.

Toisc go raibh an gúna ró-bheag di, tá sé amhail is gur athraigh sí a hintinn – mar sin, tá seans go mbeidh uirthi an táille phostais a íoc. Ach d'fhéadfadh sí an t-eolas seo a fháil ón suíomh gréasáin.

